# Bord na Leabhar Gaeilge

## Tuarascáil Bhliantúil 2006

# Clár


| | |
|---|---|
| 1. Ráiteas Misin an Bhoird | 3 |
| 2. Réamhrá an Chathaoirligh | 3 |
| 3. Baill an Bhoird | 4 |
| 4. Cúrsaí Foirne | 5 |
| 5. Ciste | 5 |
| 6. Scéimeanna agus Feachtais an Bhoird | 5 |
| 7. Leabhair 2006 | 6 |
| 8. Coiste na Litríochta agus Scéimeanna na Scríbhneoireachta | 9 |
| 9. Scéimeanna Nua an Bhoird | 13 |
| 10. Oireachtas na Gaeilge | 14 |
| 11. Fochoiste na hIniúchóireachta | 16 |
| 12. ILÉ - Idirmhalartán Litríocht Éireann | 17 |
| 13. Cúrsaí Margaíochta | 18 |
| 14. Buíochas | 18 |

Aguisín: Ráitis Airgeadais Bhord na Leabhar Gaeilge

# Bord na Leabhar Gaeilge

# Tuarascáil Bhliantúil 2006

## 1 Ráiteas Misin an Bhoird

Scríbhneoireacht, Foilsitheoireacht, agus Léitheoireacht na Gaeilge a Chothú

Tugann an Bord aghaidh ar an misean seo go príomha le maoiniú ar scéimeanna tacaíochta do chomhlachtaí na foilsitheoireachta agus do na scríbhneoirí a fhreastalaíonn ar riachtanais léitheoirí na Gaeilge. Tugann an Bord cabhair do scoileanna agus leabharlanna chomh maith; maoiníonn sé duaiseanna liteartha agus is air atá cúram mhargaíocht na leabhar as Gaeilge seachas an dáileachán.

## 2 Réamhrá an Chathaoirligh

Bhí cruinniú straitéiseach ag an mBord i dtosach na bliana. Dheineamair cinní an lá sin maidir le cúrsaí fostaíochta, le cúrsaí margaíochta, leis na scéimeanna reatha, agus le scéimeanna nua. Mhúnlaigh sé seo obair na bliana a bhí romhainn.

Leanamair orainn leis na gnáth-scéimeanna, agus leis an obair fhorbartha a bhí tosaithe le linn 2005 againn. Reachtáladh Scéim na Foilsitheoireachta do réir mar a bhí sé leasaithe againn, agus bhailíomair eolas ó na foilsitheoirí mar gheall air chun é a leasú a thuilleadh. Mar thoradh air seo, dheineamair rangú ar na foilsitheoirí chun go bhféadfaimís freastal orthu i slite a bheadh níos oiriúnaí do nádúr a ngnótha féin. Mhéadaíomair go mór an t-airgead a chuireamair ar fáil do chuid de na scéimeanna, go háirithe Scéimeanna na Scríbhneoireachta.

Chuireamair scéimeanna nua ar bun chomh maith, mar chuid dár n-iarrachtaí forbairt a dhéanamh ar obair an Bhoird. Chuireamair Scéim na bhFíorleabhar ar bun chun leabhair Ghaeilge a chur isteach sna scoileanna, i lámhaibh na léitheoirí óga. Chuireamair Scríobh Leabhar ar bun i gcomhpháirt leis an gComhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta, chun scríbhneoirí óga a spreagadh. Mar thoradh ar iarrataisí ó na foilsitheoirí, chuireamair deontas aon-uaire ar fáil dóibh chun cabhrú leo spás stórála dá stoc a fhorbairt. Bhíomair páirteach sa tionscnamh SPLANC!, chun sraith de chláracha teilifíse faoi litríochta na Gaeilge a chur ar fáil.

Dheineamair roinnt mhaith oibre i gcúrsaí margaíochta. Thugamair amach coimisiún i dtosach na bliana chun taighde chuimsitheach a dhéanamh ar mhargadh leabhair na Gaeilge. D'earcaíomair speisialtóir forbartha agus margaíochta ar chonradh seirbhíse, le tosnú an bhliain dár gcionn. Bhí an Bord páirteach sa bhfeachtas Leabhar Power le linn Sheachtain na Gaeilge, agus reachtálamair feachtas fógraíochta dár gcuid féin um Nollaig. Thugamair amach conradh chun poiblíocht a dhéanamh ar Scéimeanna na Scríbhneoireachta. Chuireamair Gradam Uí Shúilleabháin (Leabhar na Bliana) ar bun arís i gcomhpháirt leis an Oireachtas, agus chuireamair ciste €15,000 ar fáil don duais.

Chuir an tArd-Reachtaire iachall ar an mBord athraithe áirithe a chur i bhfeidhm ar pholasaí na cuntaisíochta, agus lean an-chuid oibre é seo, don Fheidhmeannas agus d'Fhochoiste na hIniúchóireachta. Mar thoradh ar cheisteanna eile a d'ardaigh an tArd-Reachtaire, chuireamair tús le córas nua bainistíochta ar Scéimeanna na Scríbhneoireachta. Tá a thuilleadh eolais mar gheall ar an obair sin sa tuairisc seo anseo thíos.

Ní cás a rá, mar sin, go raibh Bord na Leabhar Gaeilge an-chúramach i rith na bliana. Mar Chathaoirleach, táim fíor-bhuíoch do bhaill an Bhoird a thug a gcuid ama uathu go fial flaithiúil. Táim buíoch chomh maith do bhaill an Fheidhmeannais, agus do na daoine ón taobh amuigh a chabhraigh linn mar bhaill d'fhochoistí agus mar chomhairleoirí. Ar deireadh, dar ndóigh, tá an Bord fíor-bhuíoch don Roinn Ghnóthaí Pobail Tuaithe agus Gaeltachta as an maoiniú a chur ar fáil dúinn.

Maitias Mac Cárthaigh
Cathaoirleach

## 3 Baill an Bhoird

Deich gcomhalta a bhí ar Bhord na Leabhar Gaeilge ag tús na bliana. Ceapadh beirt chomhaltaí nua ag tús na bliana 2006 chun na folúntais a bhí fágtha ag deireadh 2005 a líonadh, Pól Ó Goill agus Noreen D'Arcy an bheirt a ceapadh. De bharr cúinsí oibre, d'éirigh Tomás Ó Cionnaith as an mBord i mí an Mheithimh. Ceapadh Des Kenny mar chomhalta nua den Bhord i mí na Samhna 2006.

Is iad seo a leanas comhaltaí an Bhoird ag deireadh na bliana:

| | |
|---|---|
| Maitias Mac Cárthaigh (Cathaoirleach) | Irial Mac Murchú |
| Geartrúd Mhic Con Iomaire | Caitríona Ní Fhiannachta |
| Róisín Ní Mhianáin | Pól Ó Goill |
| Éamonn Ó hÓgáin | Seosamh Ó Murchú |
| Pádraic Ó Neachtain | Noreen D'Arcy |
| Nóirín Rafferty | Des Kenny |

Bhí trí chruinniú dhéag ag an mBord sa bhliain 2006, cruinniú eisceachtúil amháin orthu siúd, sin Cruinniú Stráitéise a tionóladh ar 21 Eanáir 2006.

## 4. Cúrsaí Foirne

Lean an Coiste Forbartha agus Athstruchtúrtha lena gcuid iarrachtaí chun Speisialtóir Forbartha agus Margaíochta a fháil ar chonradh. Earcaíodh Anna Ní Bhroin mar Speisialtóir Forbartha agus Margaíochta ar chonradh trí bliana, le tosú i mí Aibreáin 2007.
Is iad seo a leanas baill an Choiste sin:
Róisín Ní Mhianáin
Pádraic Ó Neachtain
Nóirín Rafferty

Is iad seo a leanas foireann na hoifige ag deireadh 2006:

| | |
|---|---|
| Gearóid de Grás | Stiúrthóir |
| Aedín Ní Bhroin | Riarthóir Oifige |
| Caitlín Uí Mhéalóid | Cúntóir Oifige Páirtaimseartha |
| Máire Uí Fhaogháin | Cúntóir Oifige Páirtaimseartha |

## 5. Ciste

Chuir an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta in iúl don Bhord i mí Márta 2006 go raibh ciste de €1,205,000 ar fáil don Bhord don bhliain 2006 ó Chiste na Gaeilge a mhaoiníonn An Crannchur Náisiúnta. Níor íocadh an sciar dheireanach (€255,000) den chionroinnt seo le Bord na Leabhar Gaeilge áfach go dtí 3 Eanáir 2007.

## 6. Scéimeanna agus Feachtais an Bhoird

Lean an t-éileamh ar scéimeanna an Bhoird i mbliana agus cuireadh tús le scéimeanna nua ar nós Scéim na bhFíorleabhar agus Scríobh Leabhar. Cuireadh deontas aonuaire stórála ar fáil do na foilsitheoirí freisin i

mbliana. Tugadh tacaíocht d'Fhéile Litríochta IMRAM, do chatalóg d'Aonach na Nollag ag CLÉ, agus d'fheachtais phoiblíochta agus léitheoireachta sna scoileanna agus sna leabharlanna a d'eagraigh Pléaraca. Cuireadh cúnamh maoinithe ar fáil freisin d'iris scoile Choláiste Eoin, Baile Átha Cliath, agus d'iris ollscoile An Chumainn Éigse agus Seanchais, OÉ Gaillimh. Ina theannta sin, lean an Bord ar aghaidh lena gcúram margaíochta. Tá cur síos anseo thíos ar thorthaí scéimeanna agus feachtais an Bhoird.

## 7. Leabhair 2006

Thug an Bord cúnamh maoinithe do na leabhair seo a leanas le linn 2006. Bhí raon leathan leabhar i gceist ó thaobh ábhair agus lucht spéise de.

**Teideal** **Údar/Aistr./Eag.**

**Comhar**

| | |
|---|---|
| *Ríocht na Cailce* | Gabriel Rosenstock |
| *Paloma (athchló)* | Pól Ó Muirí |
| *Trioblóid (athchló)* | Colmán Ó Drisceoil |
| *Sorcha sa Ghailearaí (athchló)* | Catherine Foley |
| *An Foghlaimeoir Fásta* | Alan Desmond |
| *Géaga trí Thine* | Gabriel Rosenstock |
| *Hormóin agus Scéalta Eile* | Pól Ó Muirí |
| *Teach na gColúr* | Liam Mac Amhlaigh |
| *An Ród Seo Romhainn* | Liam Mac Uistín |

**Coiscéim**

| | |
|---|---|
| *Cuaifeach mo Londubh Buí (athchló)* | Séamas Mac Annaidh |
| *An Guth 3* | Rody Gorman |
| *Ag Dul ó Chion?* | Máirtín Ó Murchú |
| *Fágann Marbh Láthair* | Diarmuid Ó Gráinne |
| *An Sloinnteoir Gaeilge agus an tAinmneoir (Athchló)* | M.A. Ó Murchú |
| *An Dragún Dian Dónall Ó Conaill* | Seán Mac an tSíthigh |
| *Drumadóir na Dubhthíre* | Seán Ua Cearnaigh |
| *Gasúr Beag Bhaile na gCreach (cló 2)* | Pádraig Ó Baoighill |
| *Ó Mhársa go Magla* | Tomás Mac Síomóin |
| *D'éirigh mé ar maidin* | Denis O'Hearn & Laurence McKeown |
| *Dánta.com* | Mícheál Ó hUanacháin |
| *Idir Lag Trá agus Lán Mara agus Scéalta Eile* | Pádraig G. Ó Laighin |
| *NT7: Bagairt Ón Spás* | Brian Ó Baoill |
| *Coill na Meala* | Brian Ó Baoill |
| *Na Priompalláin (Macallaí na Cásca 4)* | P. Ó Snodaigh |

| | |
|---|---|
| *1916: Leath-réabhlóid Paradacsa ait na Gaeilge (Macallaí na Cásca 1)* | Tomás Mac Síomóin |
| *In Éagmais Uí Chonghaile (Macallaí na Cásca 3)* | A. Ó Cathasaigh |
| *Ar Dheisiúr na Gréine* | Cliodna Cussen |
| *Ó Thoirtís go Tíogar (Macallaí na Cásca 2)* | Antóin Ó Muircheartaigh |
| *Loch Garman & Éirí Amach 1916 (Macallaí na Cásca 5)* | Risteárd de Róiste |
| *Teacht den tSliabh Trathnóna* | Aodh Ó Canainn |
| *An Eochair os cionn an Dorais* | Maurice Walsh |
| *Sin Iad na Rudaí* | Máirín Ní Laoithe Uí Shé |
| *Duanaire Mhaidhcí* | Mícheál Ua Ciarmhaic |
| *Beartas Teanga* | Tadhg Ó hIfearnáin |
| *Tostanna* | Áine Ní Ghlinn |
| *Crann Almóinní milis agus searbh* | Gabriel Rosenstock |
| *Bruach na Coiribe* | An tSiúr Finnín Ní Choncheanainn |
| *Bertolt Brecht* | Aindrias Ó Cathasaigh |
| *Lasair na Gréine* | Claire Lyons |
| *An tOileán Rúnda* | Seán Ua Cearnaigh |
| *An Leabhar Órga* | Ríona Nic Congáil |
| *Thorkell Fionn agus a Thuras Fada* | Seán Ó Dúrois |
| *Baclú* | Seán Ó Dúrois |
| *Músclaíonn an Seargán* | Seán Ó Dúrois |
| *Ceachtanna Ón gCatalóin* | Tomás Mac Síomóin |
| *Cúpla Siamach an Ama* | Louis de Paor |
| *Nuadha agus Breoghan ar Neamh* | Maidhc Dainín Ó Sé |
| *Pat the Pipe Píobaire* | Colm Ó Snodaigh |

## Arlen House

| | |
|---|---|
| *'Divas' (dátheangach)* | Nuala Ní Chonchúir |
| *Na hAingle ó Xanadú* | Cathal Ó Searcaigh |
| *Between Curses/Bainne Géar* | Colette Nic Aodha |
| *Mairimid leis na Mistéirí agus Drámaí Eile* | Cathal Ó Searcaigh |
| *Máirtín Ó Cadhain – dhá scéal* | Louis de Paor; Lochlainn Ó Tuairisg; Mike McCormack |

## Leabhar Breac

| | |
|---|---|
| *Naomh Pádraig* | Liam Mac Uistín |
| *Bean na Ciotóige* | T. S. Ó Maoilrian |
| *Lúsaí - Amadán Aibreán* | Máire Ní Ghallchobhair |
| *Lúsaí - Ciúnas sa Leabharlann* | Máire Ní Ghallchobhair |

## FÁS

| | |
|---|---|
| *Na Colmbánaigh* | Pádraig Ó Murchú |
| *Muire, Máthair Dé* | Criostóir Ó Domhnaill; Ciarán Ó Dúshláine |
| *Lóchrann Dóchais* | Críostóir Ó Floinn |
| *Aifreann Dé - Leabhar Urnaithe* | Seán Ó Duibhir |
| *Ár Naomh Pádraig* | Áine le Muire Talbóid |

## Oidhreacht Chorca Dhuibhne

| | |
|---|---|
| *Céad Bliain 1871-1971* (Athchló) | Mícheál Ó Ciosáin |

## Comhluadar

| | |
|---|---|
| *Níl aon obair bhaile ag Mó de Róiste* | Viv agus Olive Keane |

## Cois Life

| | |
|---|---|
| *Malairt Scéil* | Mártainn Mac an t-Saoir & Donnchadh MacGiollosa (údair) ; Antain Mac Lochlainn (aistritheoir) |
| *Ar Thóir Gramadach Nua/ In Search of a Grammar* | Maolmhaodhóg Ó Ruairc |
| *Vortex* | Anna Heussaff |
| *Buaic* | Dermot Somers |
| *Cruinnscríobh na Gaeilge* | Ciarán Mac Murchaidh |
| *Aistí ar an Nua-Ghaeilge in ómós do Bhreandán Ó Buachalla* | Aidan Doyle agus Siobhán Ní Laoire (eag.) |
| *Lón Anama* | Ciarán Mac Murchaidh (eag.) |
| *Hurlamaboc* | Éilís Ní Dhuibhne |
| *Ar an bPeann* | Liam Ó Muirthile |
| *Dánta Déanta* | Liam Ó Muirthile |

## Glór na nGael

| | |
|---|---|
| *Léargais, Pobail na Gaeilge 2006* | Helen Ó Murchú (eag) |
| *Cúpla Míle Ceist* | Eoghan Mac Cormaic |

## Cló Iar-Chonnachta

| | |
|---|---|
| *VÉARSaistear (le dhá dhlúthdhiosca)* | Aurélie Maurin & Thomas Wohlfahrt |
| *Tuairimí (athchló)* | Honor Mhic Giolla Chlaoin |
| *Gearrscéalta an Chéid (athchló)* | Gearóid Denvir agus Aisling Ní Dhonnchadha |
| *Ag Greadadh Bás sa Reilig* | Louis de Paor |
| *Leabhar Gramadaí Gaeilge* | Nollaig Mac Congáil |
| *Duanta Aneas* | Pádraig Ó Miléadha |
| *Ceolta* | Daithí Ó Muirí |
| *An Trodaí agus Dánta Eile* | Dairena Ní Chinnéide |
| *Rian mo Chos ar Ghaineamh an tSaoil* | Tony Bromell |
| *Dánta Duitse* | Gabriel Rosenstock |
| *Cré na Cille, leagan drámatúil* | Johnny Chóil Mhaidhc Ó Coisdealbha |
| *In Ainm an Athar & Níor Mhaith Linn do Thrioblóid* | Joe Steve Ó Neachtain |
| *Síolta an Iomais* | Bríd Ní Mhóráin |
| *Dúnmharú ar an Dart (athchló)* | Ruaidhrí Ó Báille |
| *Cas Amhrán* | Mícheál Ó hEidhin |
| *An Bád sa Chuan (athchló)* | Muireann Ní Bhrolcháin |
| *Cailitín* | Caitríona Ní Mhurchú |

| | |
|---|---|
| *Gúrú i gClúidíní* | Cathal Ó Searcaigh |
| *Gearrscéalta ár Linne* | Brian Ó Conchubhair |

**Cló Mhaigh Eo**

| | |
|---|---|
| *An Táin* | Colmán Ó Raghallaigh |
| *Hé a Ruairí! (athchló)* | Colmán Ó Raghallaigh & Anne Marie Carroll |
| *Bunoscionn le Ruairí!* | Colmán Ó Raghallaigh & Anne Marie Carroll |
| *An tÁdh Dearg* | Aoife Ní Ghuairim |
| *Dinnéar do Toby* | Tríona Ní Chinnéide |

**Futa Fata**

| | |
|---|---|
| *Gugalaí Gug (athchló)* | Tadhg Mac Dhonnagáin agus John Ryan |

**An Sagart**

| | |
|---|---|
| *Irisleabhar Mhá Nuad 2006* | Pádraig Ó Fiannachta (eag.) |
| *An Sléibhtéanach (athchló)* | Séamas Ó Caoimh |
| *An Prós Comhaimseartha Leachtaí Cholm Cille XXXVI* | Aisling Ní Dhonnchadha (eag.) |

**Móinín**

| | |
|---|---|
| *Gafa (athchló)* | Ré Ó Laighléis |
| *An Nollaig sa Naigín* | Ré Ó Laighléis |

**Cumann Seanchais Ard Mhacha**

| | |
|---|---|
| *Cín Lae Uí Mhealláin* | Máire Nic Cathmhaoil |
| *I gCéin is i gCóngar* | Róisín Ní Mheara |

**An Clóchomhar**

| | |
|---|---|
| *Éigse Chairbre* | Bláthnaid Uí Chatháin |

**Cló Chaisil**

| | |
|---|---|
| *Requiem agus Aiséirí 1916* | Ciarán Ó Coigligh |

**IOMLÁN: 110**

## 8. Coiste na Litríochta agus Scéimeanna na Scríbhneoireachta

Is ar Choiste na Litríochta a bhíonn cúraimí comhairle i dtaobh phleanáil scéimeanna na scríbhneoireachta agus mheasúnú na n-iarratas. Rinneadh athbhreithniú ar Scéimeanna na Scríbhneoireachta i mbliana agus rinneadh roinnt leasuithe ar rialacha na scéime. B’iad an cúigear seo a leanas a d’fheidhmigh ar an gcoiste sin i mbliana:

| | |
|---|---|
| Cathaoirleach: | Caitríona Ní Fhiannachta (Bord na Leabhar Gaeilge) |
| Leas-Chathaoirleach: | Éamonn Ó hÓgáin (Bord na Leabhar Gaeilge) |
| Baill Sheachtracha: | An Dr. Máirín Nic Eoin<br>Seán Ó Ceallaigh |
| Rúnaí: | Gearóid de Grás, Stiúrthóir Bhord na Leabhar Gaeilge |

Mar thoradh ar obair an Choiste, eagraíodh glaoch amháin ar thrí scéim tacaíochta do scríbhneoirí.

1. Tugann **Scéim na nOidí** deis d'ábhair scríbhneora comhairle faoina gcuid scríbhinní, agus faoi cheird na scríbhneoireachta i gcoitinne, a fháil ó scríbhneoirí aitheanta (oidí).
2. Is í aidhm **Scéim na gCoimisiún** ciste coimisiúnaithe a dháileadh ar scríbhneoirí Gaeilge sa chaoi is go gcinnteofar soláthar sásúil sna réimsí éagsúla léitheoireachta. Socraíodh go dtabharfaí tosaíocht don fhicsean i mbliana.
3. Faoi **Scéim na Scoláireachtaí Taighde** bronntar scoláireachtaí ar scríbhneoirí áirithe a bhainfeadh leas as deontas taighde chun cur lena n-inniúlacht chruthaitheach agus lena n-eispéireas liteartha.

Faomhadh €278,990 do na scríbhneoirí faoi Scéimeanna na Scríbhneoireachta i mbliana. Beidh €1,000 ag dul do na foilsitheoirí as gach leabhar a fhoilsítear faoi Scéim na gCoimisiún 2006. Is é seo a leanas liosta de na scríbhneoirí ar éirigh lena n-iarratas sa bhliain 2006 faoi na réimsí éagsúla:

## Scéim na nOidí

### *Filíocht*

| *Ábhar Scríbhneora* | *Oide* |
|---|---|
| Maria Ní Mhurchú | P. Ó Fiannachta |
| Niamh Ní Lochlainn | Bríd Ní Mhóráin |
| Ailbhe Ní Ghearbhuigh | Cathal Ó Searcaigh |

### *Úrscéalta*

| *Ábhar Scríbhneora* | *Oide* |
|---|---|
| Meadhbh Ní Eadhra | Ré Ó Laighléis |
| Brian Ó Tiomáin | Pádraig Standún |

***Gearrscéalta***

| *Ábhar Scríbhneora* | *Oide* |
|---|---|
| Orna Ní Choileáin | Éilís Ní Dhuibhne |

***Ficsean***

| *Ábhar Scríbhneora* | *Oide* |
|---|---|
| Máire Uí Eidhin | Mícheál Ó Conghaile |

**Scéim na gCoimisiún**

***Cló Iar-Chonnachta***

| *Scríbhneoir* | *Réimse* |
|---|---|
| Máire Ní Chatháin | Fíorleabhar do Ghasúr |
| Cathal Ó Searcaigh | Úrsceál |
| Cathal Ó Searcaigh | Fabhalscéalta |
| Mícheál Ó Conghaile | Dráma Grinn |
| Joe Steve Ó Neachtain | Drámaíocht |
| Seán Óg de Paor | Leabhar Spóirt |
| Beairtle Ó Conaire | Úrscéal |

***Coiscéim***

| *Scríbhneoir* | *Réimse* |
|---|---|
| Frainc Ó Murchadha | Úrscéal |
| Manchán Magan | Úrscéal |
| Maidhc Dainín Ó Sé | Úrscéal do dhéagóirí |
| Niamh Ní Lochlainn | Filíocht |
| Domhnall Mac Síthigh | Filíocht |
| Pádraig Ó Baoighill | Prós fáisnéise |
| Ríona Nic Congáil | Úrscéal |
| Breandán Ó Doibhlin | Stair na Gaeilge |
| Colm Ó Snodaigh | Prós faisnéise |
| Tomás Mac Síomóin | Úrscéal Staire |
| Mícheál Ó Bréartúin | Prós faisnéise |
| Michael Mullen | Úrscéal |
| Anraí Mac an Ultaigh | Úrscéal |

***Cois Life***

| *Scríbhneoir* | *Réimse* |
|---|---|
| Áine Ní Ghlinn | Páistí |
| Liam Ó Muirthile | Filíocht |
| Éilís Ní Dhuibhne | Scéal bleachtaireachta |
| Anna Heussaff | Úrscéal don Fhoghlaimeoir Fásta |
| Lorcán Ó Treasaigh | Úrscéal |

***Leabhar Breac***

| *Scríbhneoir* | *Réimse* |
|---|---|
| Máire Ní Ghallchobhair | Páistí |

***Comhar***

| *Scríbhneoir* | *Réimse* |
|---|---|
| Alan Desmond | Leabhar Taistil ar an bPolainn |
| Pól Ó Muirí | Úrscéal |

***Móinín***

| *Scríbhneoir* | *Réimse* |
|---|---|
| Fionntán de Brún | Úrscéal |

***Futa Fata***

| *Scríbhneoir* | *Réimse* |
|---|---|
| Dara Jauch | Leabhar neamhfhicsin do chailíní 10-14 |

***Scéim na gCoimisiún (iarratas faoi Scéim na Scoláireachtaí Taighde san áireamh)***

| *Scríbhneoir* | *Foilsitheoir* | *Réimse* |
|---|---|---|
| Diarmuid Ó Gráinne | Coiscéim | Leabhar Spóirt |
| Fionnuala Uí Fhlannagáin | Coiscéim | Fíníní Mheiriceá agus an Ghaeilge |
| Andrea Nic Thaidhg | Leabhar Breac | Deirfiúracha Éireannacha |

***Scoláireachtaí Taighde***

| *Scríbhneoir* | *Réimse* |
|---|---|
| Ré Ó Laighléis | Litríocht chomhaimseartha dhúshlánach do dhéagóirí |
| Ríonach Uí Ógáin | Cuimhne phobal na nOileán ar Shéamus Mac Aonghusa |
| An Dr. Stiofán Ó Cadhla | Ealaíona an Dúchais |
| Seán Mac Mathúna | Úrscéal faoi Naomh Pádraig |

Mar thoradh ar shaincheist a d’ardaigh an tArd-Reachtaire i 2005, mhol Fochoiste na hIniúchóireachta córas nua bainistíochta ar na scéimeanna seo chun ceann téarma a chur leis na deontais. Rinneadh teagmháil leis na scríbhneoirí go léir a raibh deontas faofa dóibh roimh 2005 faoi Scéimeanna na Scríbhneoireachta agus nach raibh éileamh déanta acu ar an deontas sin go fóill. Rinne roinnt de na scríbhneoirí athiarratas ar an mBord i leith na n-iarratas seo agus glacadh leo. Aon iarratas a ceadaíodh roimh 2005 agus nár tháinig athiarratas ina leith faoi bhráid an Bhoird,

cuireadh ar ceal é. Faomhadh €26,768 do na hathiarratais. Is iad seo a leanas na hathiarratais a faomhadh:

***Scéim na gCoimisiún***

| *Scríbhneoir* | *Foilsitheoir* | *Réimse* |
|---|---|---|
| Áine Ní Glinn | Cló Uí Bhriain | Leabhar do Pháistí |
| Ríona Nic Congáil | Coiscéim | Urscéal do dhaoine óga |
| Máire Áine Nic Gearailt | Coiscéim | Filíocht |
| Brian Ó Baoill | Coiscéim | Gearrscéalta |
| Mícheál Ó Catháin | Cló Iar-Chonnachta | Aistriúchán |
| Pádraig Standún | Cló Iar-Chonnachta | Stair aitiúil |
| Mícheál Ó Ruairc | Coiscéim | Úrscéal |
| Eoghan Ó Néill | Coiscéim | Leabhar taistil |
| Colmán Ó Raghallaigh | Cló Mhaigh Eo | Úrscéal |
| Colm Breathnach | Cló Iar-Chonnachta | Prós Liteartha |

***Scoláireachtaí Taighde***

| *Scríbhneoir* | *Réimse* |
|---|---|
| Caitríona Ní Mhurchú | Litríocht do Dhaoine Óga |
| Liam Ó Muirthile | Prós Liteartha |

Cinneadh freisin maoiniú a chur ar fáil do cheardlanna scríbhneoireachta agus glacadh le hiarratais ó Chlódhanna Teoranta agus ó Chló Iar-Chonnachta ina leith. Beidh na ceardlanna seo ar siúl i gcaitheamh na bliana 2007.

## 9. Scéimeanna Nua an Bhoird

I dtaca le treoir na forbartha a thug an tAire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta don Bhord i dtosach a dtéarma, cuireadh tús le roinnt scéimeanna agus feachtais nua le linn na bliana 2006.

*Scéim na bhFíorleabhar*

Leagtar béim sa Churaclam leasaithe Gaeilge ar úsáid a bhaint as fíorleabhair agus neart deiseanna a chur ar fáil le go mbeadh réimse leathan leabhar á léamh ag na daltaí. D’aontaigh an Bord mar sin go raibh sé rí-thábhachtach tacaíocht a thabhairt do bhunscoileanna chun cur lena stór fíorleabhar agus bhunaigh an Bord scéim nua chuige sin. Chur siad ciste de €100,000 ar fáil do scoileanna Gaeltachta i mbliana, an chéad bhliain den scéim, chun fíorleabhair a cheannach. Chuir na scoileanna

fáilte mhór roimh an scéim seo agus d'éirigh go geal léi. Tá sé i gceist ag an mBord díriú ar Ghaelsoileanna sa bhliain 2007, agus ar roinnt scoileanna Béarla sa tríú bliain den scéim. Leanfar leis an scéim ina dhiaidh sin ar chúrsa trí bliana san ord céanna, chun a chinntiú go mbeidh gach bunscoil in ann leas a bhaint as.

*Scríobh Leabhar*
Is é atá i gceist leis an tionscnamh seo go n-iarrtar ar pháistí bunscoile leabhar a scríobh, rud a thugann an deis dóibh taithí a fháil ar an gcruthaitheacht, ar na scileanna agus, ar ndóigh, ar an spraoi, a bhaineann lena leabhar féin a scríobh agus a fhoilsiú. Tá an scéim seo á reáchtáil i mBéarla le blianta ach shocraigh an Bord a leithéid chéanna de scéim a reáchtáil as Gaeilge. Cuireadh tús leis an scéim phíolótach seo i mbliana mar thoradh ar chomhpháirtíocht idir Bord na Leabhar Gaeilge agus An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta (COGG). Ghlac trí Ionad Oideachais páirt sa scéim, Ionad Oideachais na Gaillimhe, Ionad Oideachais Dhún na nGall agus Ionad Oideachais na Carraige Duibhe. Reáchtáladh laethanta oiliúna do mhúinteoirí mar chuid den scéim, chun cabhrú leo na húdair óga a threorú sa phróiseas chun a gcuid leabhar a scríobh agus a fhoilsiú. Bronnfar duaiseanna ar na páistí ag trí ócáid faoi leith ag tús na bliana seo chugainn.

*SPLANC!*
Mar thoradh ar chomhpháirtíocht idir Bord na Leabhar Gaeilge, TG4, an Chomhairle Ealaíon agus Coimisiún Craolacháin na hÉireann, beartaíodh sraith clár ar an litríocht Ghaeilge chomhaimseartha a fhorbairt. Cuireadh tús leis an obair ullmhúcháin do na cláir seo i mbliana. I mí na Nollag 2006, cuireadh in iúl gur glacadh le pleananna Dovinia agus Feenish Productions do na cláir éagsúla. Ba cheart go mbeadh na cláir theilifíse le feiceáil ar an teilifís amach anseo.

## 10. Oireachtas na Gaeilge

Bhí go leor plé le hOireachtas na Gaeilge arís i mbliana maidir leis an gcomhpháirtíocht idir Oireachtas na Gaeilge agus Bord na Leabhar Gaeilge a láidriú agus eagraíodh cruinniú idir ionadaithe ó Bhord na Leabhar Gaeilge agus ionadaí ó Oireachtas na Gaeilge ina leith.

***Leabhar na Bliana***
Mar thoradh ar an bplé le hOireachtas na Gaeilge, rinneadh cinneadh ag an gcruinniú Stráitéise ar 21 Eanáir, Gradam Uí Shúilleabháin a athbhunú i gcomhpháirt leis an Oireachtas. Faoin gcruth nua seo, cuireadh €15,000 ar fáil do Leabhar na Bliana do Dhaoine Fásta, is é sin Gradam Uí

Shúilleabháin (€10,000 mar dhuaischiste don fhoilsitheoir agus €5,000 don scríbhneoir) agus €10,000 ar fáil do Leabhar na Bliana do Dhaoine Óga (€7,000 mar dhuaischiste don fhoilsitheoir agus €3,000 don scríbhneoir). Bhunaigh Oireachtas na Gaeilge Coiste Roghnaithe chun na leabhair ar fad a mheas. Fógraíodh gearrliosta do Leabhar na Bliana ag ócáid faoi leith i dTeach an Ard-Mhéara i mBaile Átha Cliath i mí Mheán Fómhair. Is iad seo a leanas na leabhair ar éirigh leo gearrliosta Leabhar na Bliana a bhaint amach:

Gradam Uí Shúilleabháin - Gearrliosta
Cín Lae Seangáin - le Tomás Mac Síomóin, foilsithe ag Coiscéim
Hurlamaboc - le hÉilís Ní Dhuibhne, foilsithe ag Cois Life
Lón Anama - le Ciarán Mac Murchaidh, foilsithe ag Cois Life
Gaschaint - le hÚna Lawlor, foilsithe ag An Gúm
Fontenoy - le Liam Mac Cóil, foilsithe ag Leabhar Breac

Leabhar na Bliana do Dhaoine Óga - Gearrliosta
Gugalaí Gug - le Tadhg Mac Dhonnagáin agus John Ryan, foilsithe ag Futa Fata
An Táin - le Colmán Ó Raghallaigh, foilsithe ag Cló Mhaigh Eo
Poll & A Mhac - aistrithe ag Treasa Ní Bhrua & Magnus Vestvoll, foilsithe ag Cois Life

Ainmníodh na buaiteoirí agus bronnadh na duaiseanna orthu ag ócáid faoi leith ar 3 Samhain 2006 le linn Oireachtas na Samhna i nDoire. Is iad seo a leanas na buaiteoirí:

Gradam Uí Shúilleabháin
Fontenoy
*Foilsitheoir:* Leabhar Breac
*Scríbhneoir:* Liam Mac Cóil

Leabhar na Bliana do Dhaoine Óga
An Táin
*Foilsitheoir:* Cló Mhaigh Eo
*Scríbhneoir:* Colmán Ó Raghallaigh

Rinneadh go leor plé maidir le poiblíocht do chomórtais liteartha Oireachtas na Gaeilge i mbliana. Mar thoradh ar an bplé seo, d’fhostaigh Oireachtas na Gaeilge comhlacht Caidrimh Phoiblí ar chostas an Bhoird chun poiblíocht faoi leith a dhéanamh ar Leabhair na Bliana.

***Comórtais Liteartha an Oireachtais***
Rinneadh athbhreithniú freisin i mbliana ar na duaiseanna de chuid Chomórtas Liteartha an Oireachtais a ndéanann Bord na Leabhar Gaeilge urraíocht orthu. Chuir an Bord duaischiste de €21,200 ar fáil do Chomórtais Liteartha an Oireachtais dírithe ar na ranna seo:

Úrscéal - Ficsean Éadrom
Ficsean do Dhaoine Óga 9/10-12 bliana
Ficsean do Dhaoine Óga 13-15 bliana
Ábhar Léitheoireachta don Fhoghlaimeoir Fásta
Prós Cruthaitheach

Bhí roinnt mhaith iarratas ar na comórtais seo. Is í aidhm an dhuaischiste ná údair a spreagadh le hábhar a chur ar fáil sna réimsí liteartha thuasluaite. Is iad seo a leanas buaiteoirí na ranna éagsúla:

Úrscéal - Ficsean Éadrom
Duais roinnte idir
Maidhc Dainín Ó Sé as an saothar ‘*Nuadha agus Breoghan ar Neamh’*
agus
Seán O’Connor as an saothar *‘Iníon an Oileáin’*

Ficsean do Dhaoine Óga (9/10-12)
An Chéad Duais: Anna Heussaff as an saothar ‘*Vortex’*
An Dara Duais: Jacqui de Brún as an saothar ‘*Scoil an Chnoic’*

Ficsean do Dhaoine Óga (13-15)
An Chéad Duais: Éilís Ní Dhuibhne as an saothar *‘Hurlamaboc’*
An Dara Duais: Meadhbh Ní Eadhra as an saothar ‘*Bainis?’*

Ábhar Léitheoireachta don Fhoghlaimeoir Fásta
An Chéad Duais: Alan Desmond as an saothar ‘*An Foghlaimeoir Fásta*’
An Dara Duais: Aisling Ní Leidhin agus Liam Mac Amhlaigh as an saothar ‘*Teach na gColúr’*

Prós Cruthaitheach - Cnuasach Gearrscéalta nó Úrscéal Gairid don scríbhneoir nár foilsíodh aon leabhar próis Gaeilge leis/léi cheana
Duais Aitheantais: Rachel Ní Fhionnain as an saothar ‘*Scéalta an Mhic Léinn’*

## 11. Fochoiste na hIniúchóireachta
Lean Fochoiste na hIniúchóireachta orthu lena gcuid gníomhaíochtaí le linn na bliana 2006. Ceapadh Pól Ó Goill ar an gcoiste seo ag tús na

bliana in áit Gheartrúd Mhic Con Iomaire. Cuireadh cuntas bainistíochta ar fáil dóibh gach ráithe agus rinne siad iad a mheas. Ina theannta sin, rinne siad measúnú ar Ráitis Airgeadais 2004 agus ar Ráitis Airgeadais 2005. Mhol siad na ráitis sin go léir don Bhord, agus ghlac an Bord leo tar éis iad a phlé. Shocraigh an tArd-Reachtaire leis an mBord athruithe áirithe a chur i bhfeidhm ar pholasaí na cuntasaíochta i gcaitheamh na bliana, agus dá bharr seo, bhí go leor plé le déanamh ag an gCoiste seo, go háirithe maidir le Ráitis Airgeadais 2004 agus Ráitis Airgeadais 2005. Is iad seo a leanas baill Fhochoiste na hIniúchóireachta ag deireadh 2006:
Irial Mac Murchú (Cathaoirleach)
Pol Ó Goill
Christy King (ball seachtrach)

## 12. ILÉ – Idirmhalartán Litríocht Éireann

Tá an Bord ar cheann de chomh-mhaoinitheoirí ILÉ i gcomhar le roinnt foras litríochta/cultúrtha eile. Bunaíodh ILÉ i 1993 agus chuaigh an áisíneacht i mbun gníomhaíochtaí an bhliain dar gcionn. Is í príomhaidhm ILÉ litríocht na hÉireann idir Ghaeilge agus Bhéarla a chur chun cinn go hidirnáisiúnta. Feidhmíonn ILÉ go príomha trí dheontas aistriúchán a bhronnadh ar fhoilsitheoirí idirnáisiúnta. Is é Seosamh Ó Murchú a bhí ar bhord stiúrtha ILÉ thar ceann Bhord na Leabhar Gaeilge i mbliana. Chuir an Bord €35,000 ar fáil d'ILÉ, agus aistríodh cúig shaothar Gaeilge:

- Ó Conaire, Pádraig. *Deoraíocht*. Women Publishing House Vietnam. (Gaeilge go Vítneamais)
- Rosenstock, Gabriel. *Ein Archivar großer Taten*. Nimrod Forlag, 2007. (Gaeilge go Gearmáinis)
- Ó Searcaigh, Cathal. "Poesie". *TRATTI*, 74 (2007): 28f. (Gaeilge go hIodáilis)
- Ó Snodaigh, Pádraig. "Poesie". *TRATTI*, 74 (2007): 22-27. (Gaeilge go hIodáilis)
- Ní Dhuibhne, Éilís. *Hurlamaboc.* Clár. (Gaeilge go Gaeilge na hAlban)

Aistríodh na saothair seo a leanas ó theangacha eile go Gaeilge

- Domin, Hilde. *Crann Almóinní milis agus searbh*. Coiscéim, 2006. (Gearmáinis go Gaeilge)
- Niazi, Munir. *Collected poems*. Coiscéim. (Urdúis go Gaeilge)
- Nic Leoid, Norma. *Dileas Donn*. Cois Life. (Gaeilge na hAlban go Gaeilge)

## 13. Cúrsaí Margaíochta

Lean Bord na Leabhar Gaeilge ar aghaidh le cúrsaí margaíochta i mbliana. Thug an Bord cúnamh do na foilsitheoirí a bpleananna margaíochta a chur i gcrích. Ghlac an Bord páirt i bhfeachtas poiblíochta Leabhar Power 2006 i gcomhpháirtíocht leis an gComhairle Ealaíon, ÁIS, Foras na Gaeilge agus CLÉ. Reáchtáiltear an feachtas seo le linn Sheachtain na Gaeilge chun poiblíocht a chothú do leabhair Ghaeilge. Tugadh cuireadh do chomhlachtaí chaidrimh phoiblí iarratas a dhéanamh ar fheachtais phoiblíochta ar leith don Bhord. Mar thoradh air seo, earcaíodh Financial Dynamics, comhlacht caidrimh poiblí, chun poiblíocht a dhéanamh ar Scéimeanna na Scríbhneoireachta.
Eagraíodh feachtas fógraíochta na Nollag don dara bliain as a chéile agus cuireadh urraíocht ar fáil do Raidió Fáilte.
Rinneadh go leor poiblíochta ar Leabhar na Bliana 2006 chomh maith.
Maidir leis an taighde margaíochta, beartaíodh ag an gcruinniú stráitéise ar 21 Eanáir an conradh a thabhairt don Michael Smurfit Business School, COBÁC. Ghlac Conchúr Ó Giollagáin leis an ról a bheith mar shaineolaí teanga ar an taighde seo. Lean an taighde margaíochta ar aghaidh i gcaitheamh na bliana agus táthar ag súil go mbeidh torthaí an taighde ar fáil sa bhliain 2007.
Ba iad an ceathrar seo a leanas a d'fheidhmigh ar Choiste na Margaíochta i mbliana:
Pádraic Ó Neachtain
Róisín Ní Mhianáin
Geartrúd Mhic Con Iomaire
Noreen D'Arcy

## 14. Buíochas

Gabhann an Bord buíochas leosan a chuidigh leis an mBord i rith na bliana, go háirithe, Máire Ní Rianaigh, Christy King, Máirín Nic Eoin agus Seán Ó Ceallaigh a roinn a gcuid saineolais agus comhairle linn go fial. Gabhann an Bord buíochas leis an Aire agus le hoifigigh na Roinne Gnóthaí Pobail, Tuaithe, agus Gaeltachta a thug gach cabhair agus tacaíocht d'obair an Bhoird. Gabhann an Bord buíochas leis an gCrannchur Náisiúnta a chuireann maoiniú ar fáil dó.

– – – – – – – – – – – – – – – – – – –

**BORD NA LEABHAR GAEILGE**

**RÁITIS AIRGEADAIS**

**DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH 31 NOLLAIG 2006**

# BORD NA LEABHAR GAEILGE

**Clár** **Leathanach**


| Clár | Leathanach |
|---|---|
| Ráiteas ar Dhualgais an Bhoird | 3 |
| Ráiteas Rialaithe Airgeadais Inmheánaigh | 4 |
| Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste | 5-6 |
| Polasaithe Cuntasaíochta | 7 |
| Cuntas Ioncaim agus Caiteachais | 8 |
| Clár Comhardaithe | 9 |
| Nótaí ar na Cuntais | 10-12 |

**BORD NA LEABHAR GAEILGE**

**BLIAIN DAR CHRÍOCH 31 NOLLAIG 2006**

**RÁITEAS AR FHREAGRACHTAÍ AN BHOIRD**

Tá an Bord freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú de réir dhlíthe oiriúnacha agus de réir Chleachtais Chuntasaíochta a bhfuil gnáth-ghlacadh leo in Éirinn, ar a n-áirítear na caighdeáin chuntasaíochta atá eisithe ag an mBord um Chaighdeáin Cuntasaíochta agus atá foilsithe ag Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn.

Tá iallach ar an mBord ráitis airgeadais a ullmhú i gcomhair gach bliana airgeadais a thugann léargas fíor cothrom ar ghnóthaí an Bhoird agus ar fharasbarr nó ar easnamh an Bhoird don tréimhse sin. Agus na ráitis airgeadais sin á n-ullmhú acu ní foláir don mBord:

- polasaithe cuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus ansin iad a chur i bhfeidhm go leanúnach,
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama,
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh ach amháin sa chás go bhfuil sé mí-oiriúnach a cheapadh go leanfaidh an Bord air ag feidhmiú,
- a lua ar leanadh caighdeáin chuntasaíochta chuí, faoi réir aon eisceachtaí ábharthacha a nochtadh agus a míníodh sna ráitis airgeadais.

Tá an Bord freagrach as taifid chuntasaíochta chuí a choimeád a léiríonn le cruinneas réasúnta stádas airgeadais an Bhoird ag am ar bith. Tá siad freagrach freisin as sócmhainní an Bhoird a chosaint agus dá réir sin as céimeanna réasúnta a ghlacadh chun calaois agus gnóthaí cama eile a chosc agus a aimsiú.

**Cathaoirleach** **Comhalta Boird**

## BORD NA LEABHAR GAEILGE

## RÁITEAS RIALAITHE AIRGEADAIS INMHEÁNAIGH

Thar ceann Bhord na Leabhar Gaeilge, admhaím an fhreagracht atá orainn maidir lena chinntiú go bhfuil córas éifeachtach rialaithe airgeadais inmheánaigh á oibriú agus á chothabháil.
Ní féidir leis an gcóras ach cinnteacht réasúnach, agus ní cinnteacht iomlán, a thabhairt go mbeidh cosaint ag sócmhainní, go bhfuil idirbheartaíochtaí údaraithe agus á dtaifeadadh go cuí, agus go seachnaítear neamhrialtachtaí nó earráidí ábhair nó go n-aimsítear iad laistigh de thréimhse thráthúil.

Ghlac an Bord céimeanna chun a chinntiú go bhfuil timpeallacht rialaithe oiriúnach i bhfeidhm trí na nithe seo a leanas:

- *Próiseas sainmhínithe shoiléir a thosú maidir le freagrachtaí agus cumhachtaí bainistíochta*
- *Fógairt chuí leasanna*
- *Cultúr freagrachta a fhorbairt feadh gach leibhéil de chuid na heagraíochta.*

Tá an córas rialaithe airgeadais inmheánaigh bunaithe ar chreat oibre um bhainistíocht rialta faisnéise, nósanna imeachta riaracháin lena n-áirítear scaradh dualgas, agus córas tarmligin agus cuntasaíochta. Áirítear ann ach go háirithe:

- *Córas buiséadaithe cuimsitheach le buiséad bliantúil a chomhaontaíonn agus a athbhreithníonn an Bord Stiúrthóirí*
- *Athbhreithnithe rialta ag an mBord Stiúrthóirí ar thuairiscí airgeadais bliantúla agus tréimhsiúla a léiríonn feidhmíocht airgeadais in aghaidh réamhaisnéisí*
- *Spriocanna a leagan amach chun feidhmíocht airgeadais agus eile a thomhas*

Leag an Bord amach spriocanna le cuir i bhfeidhm, i 2006.

- *Bhunaigh an Bord Fo-Choiste Iniúchóireachta Inmheánach (FCI). Bhí trí chruinniú ag an FCI i rith 2006 agus dhein an coiste cur i láthair foirmeálta ag cruinniú iomlán an Bhoird ar 26 Márta 2007. Tá téarmaí tagartha foirmeálta ag an FCI agus tá freagrachtaí air i leith athbhreithniú a dhéanamh ar ráitis airgeadais agus córais rialaithe airgeadais an Bhoird.*
- *D'ainmnigh an Bord iniúchóir seachtrach (nár bhall den mBord é) i 2006. Dhein an t-iniúchóir seo scrúdaithe ar fheidhmiúcháin airgeadais an Bhoird i rith na bliana.*

Thosaigh, ach níor chríochnaigh, an Bord athbhreithniú ar éifeacht an chórais in 2006. Tá próiseas bunaithe ag an mBord chun go mbeidh sé mar ghnás an t-athbhreithniú seo a dhéanamh.

Arna shíniú thar ceann an Bhoird

**Matt Mac Cárthaigh**
Cathaoirleach
Dáta 11 Nollaig 2007

## BORD NA LEABHAR GAEILGE

### Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste le cur i láthair Thithe an Oireachtais

Tá ráitis airgeadais Bhord na Leabhar Gaeilge don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2006 iniúchta agam faoi Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

Tá na ráitis airgeadais, a ullmhaíodh faoi na beartais chuntasaíochta arna leagan amach sna ráitis, comhdhéanta de na Polasaithe Cuntasaíochta, an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais, an Clár Comhardaithe agus na nótaí gaolmhara.

### Freagrachtaí an Bhoird agus an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste faoi seach

Tá Bord na Leabhar Gaeilge freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú agus as rialtacht na n-idirbheart a chinntiú. Ullmhaíonn Bord na Leabhar Gaeilge na ráitis airgeadais de réir Cleachtais Chuntasaíochta a nGlactar Leis go Coitianta in Éirinn. Tá freagrachtaí cuntasaíochta Chomhaltaí an Bhoird leagtha amach sa Ráiteas ar Fhreagrachtaí an Bhoird.

Is é m'fhreagrachtsa ná na ráitis airgeadais a iniúchadh de réir cheanglas ábhartha dlí agus rialúcháin agus Caighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht (Ríocht Aontaithe agus Éire).

Tuairiscím mo thuairim maidir le cibé an dtugann na ráitis airgeadais léargas fíorcheart, de réir Cleachtais Chuntasaíochta a nGlactar Leis go Coitianta in Éirinn. Tuairiscím freisin cibé, dar liom, an raibh leabhair chuntais chuí coinnithe. Lena chois sin, deirim cibé an dtagann na ráitis airgeadais leis na leabhair chuntais.

Tuairiscím ar aon chás ábhartha nár feidhmíodh suimeanna airgid chun na gcríoch a bhí beartaithe nó sa chás nach leanann na hidirbhearta do na húdaráis a rialaíonn iad.

Tuairiscím freisin mura bhfuil an fhaisnéis agus na mínithe ar fad faighte agam agus atá riachtanach chun críocha m' iniúchta.

Scrúdaím an Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach Airgeadais le féachaint an léirítear ann gur chomhlíon an Bord an Cód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit agus tuairiscím ar aon chás ábhartha nach ndéanann sé amhlaidh, nó más rud é go bhfuil an ráiteas míthreorach nó nach dtagann sé le faisnéis eile atá ar eolas agam de bharr na ráitis airgeadais a bheith iniúchta agam. Ní cheanglaítear orm a bhreithniú cibé an gclúdaíonn an Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach Airgeadais gach priacal agus rialú airgeadais, ná teacht ar thuairim maidir le héifeachtacht na nósanna imeachta maidir le priacail agus rialú.

**An Bunús atá le mo Thuairim ar na Ráitis**

I mbun m'fheidhme mar Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir Caighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht (Ríocht Aontaithe agus Éire) arna n-eisiúint ag an mBord um Chleachtais Iniúchóireachta agus trí thagairt a dhéanamh do na nithe ar leith is gá a chur san áireamh i ndáil le cúrsaí bainisteoireachta agus oibriúcháin a ghabhann le comhlachtaí Stáit. Déantar scrúdú mar chuid den iniúchadh, ar bhonn tástála, ar fhianaise a bhaineann le suimeanna agus rialtacht na n-idirbheart airgeadais a chuirtear san aireamh sna ráitis airgeadais, agus leis na hidirbhearta a fhoilsítear iontu. Chomh maith leis sin, cuimsíonn an t-iniúchadh measúnacht ar na meastacháin agus ar na breitheanna suntasacha a rinneadh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, agus measúnacht le féachaint an n-oireann na beartais chuntasaíochta don bhail atá ar chúrsaí an Bhoird ar feidhmíodh na beartais sin ar bhealach leanúnach agus ar foilsíodh iad ar bhealach sásúil.

Phleanáil mé agus rinne mé m'iniúchadh sa chaoi is go bhfaighinn an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a mheas mé a bheith riachtanach ionas go mbeadh leordhóthain fianaise agam a d'fhágfadh cinnteacht réasúnach ann go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu calaois nó neamhrialtacht eile nó earráid is cúis leis sin. I dteacht ar mo thuairim, rinne mé meastóireacht ar a shásúla is a cuireadh faisnéis i láthair sna ráitis airgeadais san iomlán freisin.

**Tuairim**

Is é mo thuairim go dtugann na ráitis airgeadais léargas fíorcheart, de réir Cleachtais Chuntasaíochta a nGlactar Leis go Coitianta in Éirinn, ar riocht ghnóthai an Bhoird ag 31 Nollaig 2006 agus ar a ioncam agus ar a chaiteachas don bhliain dar críoch sin.

Is é mo thuairim go raibh leabhair chuntais chuí coinnithe ag an mBord. Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na leabhair chuntais.

**Gerard Smyth**
**le haghaidh agus thar ceann an**
**Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste**
**19 Nollaig 2007**

**BORD NA LEABHAR GAEILGE**

**POLASAITHE CUNTASAÍOCHTA**

**DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH 31 NOLLAIG 2006**

**Bonn an Ullmhaithe**
Ullmhaítear na ráitis airgeadais faoi mhodh fabhraithe cuntasaíochta, seachas mar a léirítear thíos, agus de réir prionsabail chuntasaíochta a nglactar leo go ginearálta faoin gcoinbhinsiún costas stairiúil. Glactar leo le Caighdeáin Tuairiscithe Airgeadais arna moladh ag na comhlachtaí aitheanta cuntasaíochta, de réir mar a thagann siad i bhfeidhm.

**Deontas faighte**
Léiríonn Ráitis Airgeadais 2006 easnamh €317,741 toisc nár tháinig an sciar dheireanach €255,000 de chionroinnt 2006 ón Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta go dtí 3 Eanáir 2007.

**Sócmhainní Seasta**
Léirítear na sócmhainní seasta ar bhonn costais lúide dímheas carnach a áirítear ina ngálaí cothroma bliantúla thar a saolré úsáideach eacnamúil measta. Seo iad na rátaí atá in úsáid faoi láthair:

| | |
|---|---|
| Trealamh Oifige | 15% |
| Ríomhairí | 33 1/3% |
| Feithicil | 20% |

**Ioncam**
Léiríonn na suimeanna a thaispeántar mar Dheontas ón Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta (Cuntas Chiste na Gaeilge maoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta) na fíorfháltais airgid thirim i gcaitheamh na bliana.

**Deontais íoctha**
Cuirtear deontais chun dochair an chuntais ioncaim agus caiteachais sna ráitis airgeadais nuair a bhíonn coinníollacha ordaithe comhlíonta ag deontaithe.

**Pinsean**
Ní fheidhmíonn an Bord scéim pinsin faoi láthair.

**Gnóthas Leantaigh**
Ar 26 Deireadh Fómhair 2007 cheadaigh an Chomhairle Aireachta Thuaidh/Theas an moladh feidhmeanna Bhord na Leabhar Gaeilge a aistriú go Foras na Gaeilge ó 1 Eanáir 2008. Ag cur san áireamh go bhfuil sócmhainní agus dliteanais agus gnóthas Bhord na Leabhar Gaeilge le haistriú go Foras na Gaeilge creideann an Bord go bhfuil sé inghlactha na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn ghnóthas leantaigh bunaithe ar an eolas go léir atá ar fáil don Bhord ar an dáta seo.

**BORD NA LEABHAR GAEILGE**
**CUNTAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS**
**DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH 31 NOLLAIG 2006**

| | **Nótaí** | **2006 €** | **2005 €** |
|---|---|---|---|
| **Ioncam** | | | |
| Deontais: An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta | | | |
| Gnáth-dheontas | | 950,000 | 1,175,000 |
| Taighde, Margaíocht, Feachtas Poiblíochta | | - | 168,000 |
| Ús Taisce | | 1,259 | 2,313 |
| Coimisiún ar dhíolacháin leabhar | | - | (2,184) |
| | | 951,259 | 1,343,129 |
| Aistrithe ón/(go dtí an) gCuntas Caipitiúil | 6 | 5,534 | (3,926) |
| | | 956,793 | 1,339,203 |
| **Caiteachas** | | | |
| Deontais d'Fhoilsitheoirí/Scríbhneoirí | 1 | (1,424,224) | (636,653) |
| Riarachán | 2 | (313,550) | (230,554) |
| Scéimeanna Margaíochta/Poiblíochta | 3 | (130,230) | (103,361) |
| | | (1,868,004) | (970,568) |
| (Easnamh)/farasbarr na bliana | | (911,211) | 368,635 |
| Farasbarr ag 1 Eanáir | | 593,470 | 224,835 |
| (Easnamh)/farasbarr ag 31 Nollaig | | (317,741) | 593,470 |

Is cuid de na ráitis airgeadais na polasaithe cuntasaíochta agus nótaí 1 go 9.

Baineann gach ioncam agus caiteachas don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2006 le gníomhaíochtaí leanúnacha. Níl aon ghnóthachain ná caillteanas ag an mBord sa bhliain airgeadais nó sa bhliain airgeadais roimhe sin seachas iad sin a ndéileáiltear leo sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais.

**Cathaoirleach** **Comhalta den Bhord**

**BORD NA LEABHAR GAEILGE**

**CLÁR COMHARDAITHE AG 31 NOLLAIG 2006**

| | Nótaí | 2006 | 2005 |
|---|---|---|---|
| | | € | € |
| **SÓCMHAINNÍ SEASTA** | | | |
| Sócmhainní Inláimhsithe | 4 | 17,430 | 22,964 |
| **SÓCMHAINNÍ REATHA** | | | |
| Féichiúnaithe agus Réamhíocaíochtaí | | 6,953 | 18,446 |
| Airgead sa Bhanc | | - | 741,052 |
| | | 6,953 | 759,498 |
| **CREIDIÚNAITHE INÍOCTHA LAISTIGH DE BHLIAIN AMHÁIN** | 5 | (324,694) | (166,028) |
| **GLAN(DLITEANAS)/SÓCMHAINNÍ REATHA** | | (317,741) | 593,470 |
| **GLAN(DLITEANAS)/SÓCMHAINNÍ IOMLÁNA** | | (300,311) | 616,434 |
| | | ======= | ====== |
| **ARB IAD SEO LEANAS A bhFOINSÍ** | | | |
| Cuntas Caipitiúil | 6 | 17,430 | 22,964 |
| Cuntas Ioncaim agus Caiteachais | | (317,741) | 593,470 |
| | | (300,311) | 616,434 |
| | | ======= | ====== |

Is cuid de na ráitis airgeadais na polasaithe cuntasaíochta agus nótaí 1 go 9.

**Cathaoirleach** **Comhalta den Bhord**

**BORD NA LEABHAR GAEILGE**
**NÓTAÍ AR NA CUNTAIS**
**DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH 31 NOLLAIG 2006**

| **1. DEONTAIS d'FHOILSITHEOIRÍ/SCRÍBHNEOIRÍ** | **2006** | **2005** |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Ceangaltais ag 1 Eanáir | 297,123 | 140,111 |
| Faofa i rith na bliana | 1,631,217 | 793,665 |
| Íoctha i rith na bliana | 1,459,149 | 601,728 |
| Íocaíochtaí i 2006 a raibh soláthar déanta dóibh i 2005 | (34,925) | 34,925 |
| **Cuntas Ioncaim agus Caiteachais** | 1,424,224 | 636,653 |
| Ais-scríofa i rith na bliana | (63,001) | - |
| Ceangaltais ag 31 Nollaig | 441,115 | 297,123 |
| | ====== | ====== |

| **2. CAITEACHAS AR RIARACHÁN** | **2006** | **2005** |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Tuarastail | 111,877 | 91,372 |
| Táillí na gComhaltaí | 50,117 | 34,676 |
| Cíos Oifige | 5,309 | 2,659 |
| Solas agus Teas | 2,624 | 1,634 |
| Árachas | 1,344 | 1,623 |
| Costais Oifige | 1,435 | 6,729 |
| Costais Cruinnithe | 6,133 | 6,394 |
| Postas agus Guthán | 5,399 | 5,261 |
| Síntiús | 847 | - |
| Cló agus Páipéarachas | 6,488 | 7,606 |
| Foirm Iarratais – Leagan Leictreonach | 4,404 | - |
| Irisí agus Leabhair | 1,468 | 1,130 |
| Fógraíocht, Caidreamh Poiblí | 15,303 | 8,315 |
| Taisteal agus Iostas | 54,862 | 34,251 |
| Táillí Bainc | 308 | 407 |
| Táillí Iniúchóireachta | 5,800 | 6,022 |
| Táillí Cuntasaíochta | 12,023 | 4,711 |
| Táillí Gairmiúla | 10,381 | 5,600 |
| Oiliúint Foirne | 3,529 | - |
| Dímheas: Trealamh Oifige | 3,272 | 3,055 |
| Ríomhairí | 5,455 | 3,937 |
| Feithicil | 5,172 | 5,172 |
| | 313,550 | 230,554 |
| | ====== | ====== |

**BORD NA LEABHAR GAEILGE**
**NÓTAÍ AR NA CUNTAIS**
**DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH 31 NOLLAIG 2006 (ar leanúint)**

| **3. SCÉIMEANNA MARGAÍOCHTA/POIBLÍOCHTA** | **2006** | **2005** |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Taighde Margaíochta | 33,466 | - |
| Feachtas Fógraíochta na Nollag | | |
| Teilifís | 26,136 | 38,476 |
| Raidió | 70,628 | 60,045 |
| Caidreamh Poiblí | - | 4,840 |
| | 130,230 | 103,361 |
| | ====== | ====== |

| **4. SÓCMHAINNÍ SEASTA** | **Trealamh Oifige** | **Ríomhairí** | **Feithicil** | **Iomlán** |
|---|---|---|---|---|
| **Costas** | € | **€** | **€** | **€** |
| Ag 1 Eanáir | 20,366 | 11,808 | 25,857 | 58,031 |
| Ceannacháin | 2,586 | 5,779 | - | 8,365 |
| Ag 31 Nollaig | 22,952 | 17,587 | 25,857 | 66,396 |
| | ===== | ===== | ===== | ===== |
| **Dímheas** | | | | |
| Ag 1 Eanáir | 8,346 | 6,036 | 20,685 | 35,067 |
| Muirear na bliana reatha | 3,272 | 5,455 | 5,172 | 13,899 |
| Ag 31 Nollaig | 11,618 | 11,491 | 25,857 | 48,966 |
| | ===== | ===== | ===== | ===== |
| **Glanmhéid** | | | | |
| 31 Nollaig 2006 | 11,334 | 6,096 | - | 17,430 |
| | ===== | ==== | ==== | ===== |
| 31 Nollaig 2005 | 12,020 | 5,772 | 5,172 | 22,964 |
| | ===== | ==== | ==== | ===== |

**5. CREIDIÚNAITHE (iníoctha laistigh de bhliain amháin)**

| | **2006** | **2005** |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Creidiúnaithe ginearálta | 48,139 | 94,257 |
| Banc ró-tharraingthe | 276,555 | - |
| Deontais | - | 34,925 |
| Coimisinéirí Ioncaim - ÍMAT/ÁSPC | - | 36,846 |
| | 324,694 | 166,028 |
| | ====== | ====== |

**BORD NA LEABHAR GAEILGE**
**NÓTAÍ AR NA CUNTAIS**
**DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH 31 NOLLAIG 2006 (ar leanúint)**

| **6. CUNTAS CAIPITIÚIL** | **2006** | **2005** |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Ag 1 Eanáir | 22,964 | 19,038 |
| Aistrithe ó/(go dtí) Cuntas Ioncaim agus Caiteachais – | | |
| Sócmhainní ceannaithe | 8,365 | 16,090 |
| Amúchadh faoi réir dímheasa | (13,899) | (12,164) |
| | (5,534) | 3,926 |
| Ag 31 Nollaig | 17,430 | 22,964 |
| | ===== | ===== |

## 7. CEANGALTAIS AIRGEADAIS

Ar 31 Nollaig 2006 bhí ceangaltais airgeadais €575,649 ann mar a leanas:

- €441,115 nach raibh fós curtha chun dochair sna ráitis airgeadais i leith deontas d'fhoilsitheoirí/scríbhneoirí,

- €134,534 atá fós le caitheamh, nach bhfuil soláthar déanta sna ráitis airgeadais don chaiteachas seo, maidir le deontas do thaighde margaidh agus d'fheachtas poiblíochta a fuarthas ón Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta, atá curtha chun sochair sna ráitis airgeadais.

## 8. LEASANNA CHOMHALTAÍ AN BHOIRD

Glacann an Bord le nósanna imeachta de réir Chód Cleachtais um Rialú Comhlachtaí Stáit maidir le leasanna Chomhaltaí Boird a nochtadh. Cleachtadh gnó an Bhoird de réir na nósanna imeachta sin le linn na bliana. I gcás go raibh coinbhleacht leasa ann níor ghlac an comhalta cuí páirt sa phlé ná sa chinneadh.

## 9. GLACADH NA RÁITEAS AIRGEADAIS

Ghlac Comhaltaí an Bhoird leis na ráitis airgeadais ar 11 Nollaig 2007.